




Iasachtaí Cineálacha Iasachtaí



Léigh faoin gcúigear thíos. Tá iasacht á lorg ag roinnt acu agus tá ceann ag roinnt eile cheana féin. Ag obair i mbeirteanna, freagair na ceisteanna a bhaineann leis an gcineál iasachta a bheadh oiriúnach i ngach cás. Meitseáil an duine leis an iasacht ar an tábla ag an deireadh.



(A) Tá Claire faoi bhrú an mhí seo. Tá sí féin agus a fear céile, Frank, díreach tar éis teach a cheannach agus tá siad ag iarraidh é a athchóiriú ionas go mbeidh siad in ann bogadh isteach ann ag deireadh na míosa. Tá sí ag tógáil níos mó airgid amach óna cuntas bainc ná mar atá aici ann. Tuigean sí go mbeidh uirthi ús a íoc ar na suimeanna breise seo. Bhí an t-ádh léi go ndearna sí socrú leis an mbanc go mbeadh seo ceart go leor. Mar ciallaíonn seo go mbeidh costas níos ísle ar an iasacht.

Cén cineál iasachta atá faighte ag Claire ón mbanc?





(B) Tá Jack thar a bheith sásta leis féin faoi láthair mar d'fhoghlaim sé an tseachtain seo caite go bhfuil post nua faighte aige. Beidh carr ag teastáil uaidh mar sin tá sé ag lorg eolais faoi iasachtaí. Ba mhaith leis an cheist seo a chur: an féidir leis suim airgid faoi leith a fháil ar iasacht ó bhanc nó ó chumann foirgníochta a íocfaidh sé ar ais i suimeanna rialta thar thréimhse réamhshocraithe?

Cén cineál iasachta a bheadh oiriúnach do Jack?






Iasachtaí Cineálacha Iasachtaí



(C) Déanann Graham go leor tiomána ó thaobh oibre de, ach ní maith leis mórán airgid a bheith ar a sheilbh aige. I gcásanna éigeandála, úsáideann sé áis a ligeann dó méid áirithe airgid a fháil ar iasacht mí i ndiaidh míosa, suas go dtí teorainn faoi leith (ar a dtugtar teorainn chreidmheasa). Má íocann sé an bille seo ina iomláine gach mí, ní bhíonn air aon ús a íoc. Bíonn Graham cúramach i gcónaí, mar mura mbíonn, bíonn ús an-ard le híoc ar an áis seo.

Cén t-ainm atá ar an áis iasachta a úsáideann Graham nuair a bhíonn sé ag taisteal?



(D) Is ball fadtéarma den Chomhar Creidmheasa í Máirín. Is rud maith é seo mar is minic go mbíonn ar bhaill airgead a shábháil leo ar feadh tamaill sula dtugann siad iasacht dóibh. Tá Máirín ag smaoineamh faoi iasacht a fháil le dul ar laethanta saoire go dtí an Spáinn. Beidh sí in ann na haisiocaíochtaí a dhéanamh thar thréimhse ama chomhaontaithe.

Cén t-ainm atá ar an iasacht atá ar intinn ag Máirín?



(E) Tá Mark ag iarraidh ríomhaire nua a fháil ach níl dóthain airgid aige don cheann atá ag teastáil uaidh. Tá sé ag déanamh fiosrúcháin faoi iasacht a ligfeadh dó an ríomhaire a fháil anois, an t-airgead a íoc ar ais de réir a chéile, agus gur leis a bheadh an ríomhaire nuair a bheidh an aisíocaíocht dheireanach déanta.

Cén cineál iasachta atá á fhiosrú ag Mark?



Aonad 8 – Ceacht 2



Iasachtaí Cineálacha Iasachtaí



Tar éis duit na scéalta difriúla a léamh, breac síos an cineál iasachta, dar leat, a bheadh oiriúnach i ngach cás. Scríobh isteach iad sa spás cuí.

Iasacht phearsanta

Iasacht ón gComhar Creidmheasa

Rótharraingt


Cárta Creidmheasa

Fruilcheannach

Claire




Jack



Graham



Máirín



Mark

